**Fógra le haghaidh na ndaoine aonair atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2442 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2443 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí**

(C/2025/6525)

Dírítear aird na ndaoine aonair a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2442 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2443 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háítí ar an bhfaisnéis seo a leanas.

An 17 Deireadh Fómhair 2025, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2794 (2025), lena gcuirtear beirt daoine aonair le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

Féadfaidh na heintitis lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

An Pointe Fócasach um Dhíliostú
Brainse Fho-Orgáin na Comhairle Slándála
Seomra DC2 2034
Na Náisiúin Aontaithe
New York, N.Y. [Nua Eabhrac, N.Y.] 10017
Stáit Aontaithe Mheiriceá
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 917 367 0460
ríomhphost: delisting@un.org

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2653.

Ag eascairt as cinneadh na Náisiún Aontaithe, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine aonair atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe a chur ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2442, agus i Rialachán (AE) Uimh. 2022/2309, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2443. Na forais ar a ndearnadh na daoine aonair lena mbaineann a liostú, leagtar amach iad san iontráil ábhartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

Cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309, mar a chuirtear chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2443, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 6 den Rialachán).

Féadfaidh na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

(1) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.
(2) IO L, 2025/2442, 1.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2442/oj.
(3) IO L 307, 28.11.2022, lch. 17.
(4) IO L, 2025/2443, 1.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2443/oj.

Cuirtear in iúl do na daoine aonair lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.